

❖ An Lúibín ❖

15 Bealtaine 2009

Sparán neamhtheann

The Irish government is, as expected, spending less on Irish; but the millions are still there.

Tá an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag súil go mbeidh na heagraíochtaí Gaeilge ar a dhícheall feasta ag dul i gcomhar le chéile, agus tá sé ráite aige nach bhfuil gá ach le haon eagraíocht teanga amháin.

Idir an dá linn, tá ciorrú airgid á dhéanamh ar an teanga. Caillfidh Foras na Gaeilge €2.5 milliún agus ciorruithe Rialtas na Breataine curtha san áireamh, rud a fhágann go dtitfidh na buiséad ó €24.4m in 2008 go €21.9m in 2009 – laghdú 10% ar a gcaiteachas iomlán. Is iad na heagrais dheonacha Gaeilge is mó a bheas thíos leis. Beidh laghdú €1m ar an maoiniú a thugtar do na heagraíochtaí Gaeilge, leithéidí Gaelscoileanna, Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael. Déanfaidh an laghdú difríocht, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos measa; tá na milliúin á gcaitheamh ar an teanga go fóill nuair ab fhurasta iad a chaitheamh ar rudaí eile nó an t-airgead a choinneáil i dtaisce.

Beidh an Ghaeltacht thíos leis na ciorruithe, cé nach ndéarfá gur mór an cor a chuirfeadh sin i gcinniúint na teanga. Caillfidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta €46m, ach beidh €442m le caitheamh fós aici. Laghdófar caiteachas riaracháin Údarás na Gaeltachta ó €13.9 go €11.8m.



Gearán an Choimisinéara

The Irish language watchdog has his annual growl.

Tá an Coimisinéir Teanga tar éis a thuarascáil bhliantúil a chur amach, agus ní raibh easpa ábhair uirthi. Bhris sé roinn rialtais an dlí maidir le caomhnú na Gaeilge, agus orthu sin bhí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta: theip uirthi a thabhairt dá haire go dtabharfaí oiliúint Ghaeilge dá foireann. Bhí an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh ar a seacht ndícheall ag baint an tsínidh fhada ó ainm gach linbh nuabheirthe lena córas a chur in oiriúint do chóras na rann eile; ar an droch-uair bhí seo bunoscionn lena cuid rialacha teanga féin. Ní dhearna an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra suíomh dátheangach a chur ar bun. (Tá sin déanta anois, agus níl an Ghaeilge chomh dona le cuid mhaith dá bhfuil le léamh ar shuíomh oifigiúla eile.)

De réir dlí caithfidh forais phoiblí scéimeanna teanga trí bliana a chur ar bun, agus é de cheangal orthu seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil dá bharr. Theip ar dhá fhoras fichead díobh scéimeanna nua a bheartú faoi dheireadh na bliana 2008, rud a chuir inní ar an gCoimisinéir.

Dúirt sé gurbh fhéidir seirbhísí Gaeilge a sholáthar 'go ciallmhar' fiú nuair a bhí an t-airgead gann, agus nár chóir a mheas nach raibh sa teanga ach rud éigin breise, ós cearta buana iad na cearta teanga.



Buntáiste na Gaeilge

Northern Irish Gaelscoileanna show strong results in English, and leaflets explain in several languages the advantages of Irish-medium schools.

Más fíor do na figiúirí atá foilsithe ag an *Irish News* (11/5/09) is fearr na torthaí Béarla a fhaigheann daltaí i mbunscoileanna Gaeilge an Tuaiscirt ná na torthaí a fhaigheann daltaí sna bunscoileanna Béarla. Na múinteoirí féin a dhéanann an meastachán, agus eolas breise á fháil trí ghnáthobair an ranga.

Taispeánann figiúirí na bliana 2008 gur bhain 82% de na daltaí Gaeilge amach na leibhéal ab airde le hais 78.8% sna bunscoileanna Béarla. Thaispeáin figiúirí eile ó Iontaobhas na Gaelscolaíochta gur sháraigh na scoileanna lánGhaeilge na scoileanna eile i staidéar trí bliana maidir le Béarla agus leis an matamaitic.

Dúirt an Dr Réamaí Mathers ón Iontaobhas gur thaispeáin an fhianaise idirnáisiúnta le fada an lá nach dochar ach a mhalairt a dhéanfadh saothrú teanga eile don chéad teanga. Dúirt sé nach mór a chur san áireamh gur i lár na cathrach atá na gaelscoileanna úd agus iad ar bheagán stró dá bharr.

Tá bileoigíní curtha amach ag lucht gaelscolaíochta sa Tuaisceart agus sa Phoblacht ag cur in iúl do thuismitheoirí gan Bhéarla gan Ghaeilge cad iad na buntáistí a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge.

Tá na bileoigíní ar fáil i Rómáinis, i bPortaingéilis, i bhFraincis, i bPolainnis agus i Rúisis. Dúirt an Dr Mathers go bhfuil an-éagsúlacht ag baint leis na páistí sna Gaelscoileanna cheana ó thaobh teanga agus cúlra de, ach gur tháinig mórán thuismitheoirí chun na hÉireann le déanaí agus gan a fhios acu gur féidir leo gaelscolaíocht a chur ar a gclann.

Féach <http://www.iontaobhasnag.com/>.



Aisling Ghéar

Ireland has only one professional Irish-language theatre company.

Ní mór an seó í drámaíocht phroifisiúnta na Gaeilge. Bhí súil le héacht i gcás na Taidhbheirce fadó, ach mheath an dóchas sin. Tá an Taibhdhearc in ísle brí le tamall maith, agus cúiseanna leis a shoiléiríonn drochstaid an stáitse Ghaelaigh – easpa lucht féachana, easpa aisteoirí le Gaeilge, easpa drámadóirí, easpa stiúrthóirí agus léiritheoirí arbh fhiú leo dul i gceann na hoibre.

Sa bhliain 1997, áfach, bunaíodh an compántas *Aisling Ghéar* leis na cúiseanna breátha sin a bhréagnú – ‘an t-aon chompántas proifisiúnta amharclainne in Éirinn a shaothraíonn go lánaimseartha chun scoth na léirithe a chur ar fáil i nGaeilge,’ mar a deir a suíomh. Meascán drámaí atá leirithe agus le léiriú acu, idir bhundrámaí Ghaeilge agus aistriúcháin: *An Triail* (Máiread Ní Ghráda), *Anraith Neantóige* (Celia de Fréine), *Damhsa ag Lughnasa* (Brian Friel – aistriúchán), *Bás Taismeach an Ainrialáí* (Dario Fo – aistriúchán), *An Béal Bocht* (Flann O’Brien – leagan oiriúnaithe). Is breá leo drámaí nuascríofa Gaeilge, agus tá ocht gcinn acu sin léirithe acu anois.

Ní de thimpiste, b’fhéidir, gur gineadh *Aisling Ghéar* i dTuaisceart Éireann, ós ann is fearr a d’éirigh leis an athbheochan nua sa mhéid gur tháinig pobal ceart Gaeilge ar an saol – líon éigin Gaeilgeoirí ag maireachtáil ar scáth a chéile agus ag cruthú cultúir a d’oireann dá saol féin. Tá fuinneamh agus éifeacht ag baint leo nach bhfuil le fáil i gcónaí ina gcomhchainteoirí theas, agus tá meánaicme le Gaeilge ag teacht ar an bhfód – an aicme is mó a thacaíonn le gnóthaí drámaíochta i dteanga ar bith.

seachmall agus an seachrán a shárú ar fad ar na saolta seo. Ach maireann rud éigin i gcroí an duine is dílse, agus géilleann an seachmall i mbuaic a réime.

Féach:

<https://www.cia.gov/library/publications/the-world-factbook/geos/bm.html>
<http://www.irrawaddy.org/>

An 16ú Comhdháil Astraláiseach um Léann Éireannach

(16th Australasian Irish Studies Conference)

9 Iúil 2009 – 12 Iúil 2009

MASSEY UNIVERSITY, WELLINGTON, AN NUA-SHÉALAINN

Ireland and the Irish Antipodes: One World or Worlds Apart?

Cruinnitheoir:

An Dr Brad Patterson

Irish-Scottish Studies Programme, Victoria University of Wellington
(Ríomhphost: brad.patterson@vuw.ac.nz).

<http://isaanz.org/seminars/event/16th-australasian-irish-studies-conference/>

Seimineár Léinn Éireannaigh i Melbourne

Dé Máirt 19 Bealtaine 2009 6.00pm – 7.30pm

Coláiste Newman, Ollscoil Mhelbourne

AN tOLLAMH ANDERS AHLQVIST (Ollscoil Shydney)

Linguistic Influences: Celtic on English

Seimineár poiblí é seo agus é saor in aisce.

Féach:

<http://isaanz.org/seminars/event/linguistic-influences-celtic-on-english-anders-ahlqvist/>

An diabhal agus tusa

Tuilleadh den diabhal chugat!
Go n-ithe an diabhal é!
Cead an diabhail acu!

Eoin Mac Thiarnáin

America has the money – and the benefactors. Few were more generous to Irish cultural causes than Eoin McKiernan, founder of the Irish American Cultural Institute. But the enterprise raises other questions.

I Nua-Eabhrac a rugadh Eoin Mac Thiarnáin M.A., Ph.D., D. Litt. (10/5/15 – 18/7/04), agus deirtear gurb í a mháthair Bríd, bean as Co an Chláir, a mhúscaíl suim sa Ghaeilge ann agus suim i gcultúr na hÉireann i gcoitinne. Sna tríochaidí bhain sé amach Rosmuc i gContae na Gaillimhe ar scoláireacht, agus as sin amach bhíodh sé siar agus aniar idir an dá thír.

Ba mhúinteoir suntasach é, agus sa bhliain 1960 ceapadh é ina chathaoirleach ar an Roinn Béarla in Ollscoil Naomh Tomás, Minnesota. Sa bhliain 1962 bhunaigh sé an *Irish American Cultural Institute* (IACI) ann – foras oideachasúil neamhpholaitiúil.

Bhí Mac Thiarnáin gnóthach go leor i rith na seascaidí agus é ag scríobh scrípteanna do scannáin agus do chláir theilifíse faoi stair agus faoi litríocht na hÉireann ar theilifís phoiblí Mheiriceá. Sa bhliain 1975 chuir sé an clár *Irish Way* ar bun – clár samhraidh a ligeann do dhaltaí Meiriceánacha cúig seachtaine a chaitheamh in Éirinn. Déanann siad staidéar ar chúrsaí staire, litríochta agus teanga, cuireann siad eolas ar cheol agus ar rince agus fanann le teaghlach áitiúil. Bhunaigh sé an *Irish News Service, Irish Books and Media* (seirbhís dáiliúcháin), agus *Irish Educational Services*, comhlacht a mhaoinigh cláir theilifíse i nGaeilge do pháistí. Tá saothar scríbhneoirí Gael-Mheiriceánacha le léamh ar *Éire/Ireland*, iris ráithiúil.

Rinne sé féin agus a bhean Jeanette rudaí eile. Bunaíodh agus maoiníodh cláir a thug na céadta míle dollar do na healaíona in Éirinn agus a chuir ar chumas lucht ealaíne na hÉireann léachtanna a thabhairt ar fud na Stát. Agus ní cúrsaí cultúrtha amháin atá i gceist: maoiníonn an IACI *Trees for Ireland*, clár athfhoraoisithe.

Ba í an teanga a phríomhchúram, agus bhí súil aige go dtiocfadh rath ar leith ar an Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Dá chomhartha sin d'fhág sé uacht ag Iontaobhas na Gaeilge chun scoileanna lán-Ghaeilge a chothú.

Tá duaiseanna ann: an *O'Malley Art Award* (tá an *O'Malley Collection* le fáil in Ollscoil Luimnigh), an *Muriel Gahan Scholarship* d'ealaíontóirí, agus na scoláireachtaí a thugtar do bheirt gach bliain chun dul go dtí an Willy Clancy Summer School i gCo an Chláir. Ag seo liosta de roinnt dá bhfuil le fáil:

- *Irish Perceptions Series*: Sraith léachtanna agus léirithe a mbíonn ealaíontóirí, staraithe, scéalaithe agus daoine nótálta ó Éirinn ina mbun. Bíonn an tsraith ar siúl san Fhómhar agus san Earrach trí ghréasán náisiúnta an IACI.
- *Duaiseanna IACI*: Iad á mbronnadh gach bliain ar ealaíontóirí, ar scríbhneoirí agus ar eagraíochtaí in Éirinn de bharr a ndearna siad i gcúrsaí staire, litríochta agus ealaíne.
- *Irish Research Fund*: clár duaiseanna a chuir an IACI ar bun sa bhliain 1988 chun taighde a chur á dhéanamh ar shaol na nGael-Mheiriceánach agus léargas buan a thabhairt dá bharr ar an tábhacht atá leis an dúchas Gaelach.
- *IACI/NUIG Visiting Fellowship in Irish Studies*: Brontar é seo ar scoláire léinn Éireannaigh (atá ina chónaí sna Stáit, de ghnáth). Ligeann sé dó seimeastar a chaitheamh in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
- *Clár Cónaithe*: Clár a chuireann IACI agus Comhairlí Ealaíon na hÉirean ar fáil agus a ligeann d'ealaíontóir Éireannach a bheith páirteach sa chlár ealaíne comhaimseartha *Location One* i Nua-Eabhrac.

Sampla ba ea Mac Thiarnáin de na bronntóirí fiala a bhí sách coitianta riamh sna Stáit – an dream a chothaíonn iarsmalanna agus coláistí agus ollscoileanna móra féin. Bailítear an t-airgead agus caitear le héifeacht é. Anseo san Astráil níl an méid céanna saibhris le dáileadh, agus is fada go mbunódh aon duine foras a bhí cosúil le IACI.

Léiríonn obair Mhic Thiarnáin an chaoi a dtéann Éire (nó Éire de chineál áirithe) i bhfeidhm ar shamhlaíocht na nGael-Mheiriceánach: Éire á léiriú agus á hathchruthú, feidhm á baint aisti chun an dúchas Meiriceánach a shaibhriú, aisling na béascna sinseartha á saothrú. Tá cuid éigin den aigne Ghael-Mheiriceánach ag brath go mór ar an idéalú seo, agus níl Éire i bhfad i gcéin – cúpla uair ar an eitleán. Is furasta an *Irish Way* a ghabháil. B'idealaí é Mac Thiarnáin féin, agus drochmheas aige ar an lomfhóntachas a bhí, dar leis, ag truailliú dhearcadh na nÉireannach i leith na teanga. Idéalachas é a raibh toradh fóna air sa chás seo, agus rath na Gaeilge fite fuaite ann.

San Astráil ní mór a bheith ag obair ar an mionscála, agus b'fhéidir nach olc an rud é Éire a bheith i bhfad i gcéin. Tugann sé deis don scata beag Gaeilgeoirí atá ann an teanga a shaothrú ar a son féin, cuimhneamh uirthi mar rud a bhfuil a stair féin aici i ndeisceart an domhain, agus féiniúlacht ar leith a chothú. Más féidir é a dhéanamh i mBéarla nó i Spáinnis, is féidir é a dhéanamh i nGaeilge. Sna Stáit tá Éire níos gaire don chroí agus don chósta, agus pobal mór de shliocht na nGael ann, rudaí a dhíríonn an tsúil ar dhúchas samhlaíthe meallacach ar bhruach na hEorpa. Tá leath an domhain idir Éire agus sinne, agus is lú ár líon agus ár nacmhainn. Is é ár leas é.

Féach <http://www.iaci-usa.org/>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

